CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

## PREASEISIÚINT Uimh. 69/26

**Lucsamburg, 12 Bealtaine 2026**

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-797/23 | Meta Platforms Ireland (Cúiteamh cothrom)

# Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh go mbeidh foilsitheoirí nuachtán i dteideal cúiteamh cothrom nuair a dheonaíonn siad údarú do sholáthraithe seirbhísí ar líne a bhfoilseacháin a úsáid

Tháinig an cás os comhair na Cúirte Breithiúnais i gcomhthéacs caingean a thug Meta i gcoinne chinneadh Údarás Cumarsáide na hIodáile (AGCOM). Dar le Meta, sáraítear na rialacha Eorpacha maidir le cearta foilsitheoirí sa mhargadh aonair digiteach le reachtaíocht na hIodáile lena leagtar síos rialacha chun luach saothair cothrom a áirithiú chun foilseacháin nuachtán ar líne a úsáid.

Rialaíonn an Chúirt go bhfuil ceart na bhfoilsitheoirí chun luach saothair cothrom a fháil i gcomhréir le dlí an Aontais, ar choinneáil go bhfuil an luach saothair ina chomaoin eacnamaíoch ar an údarú chun a bhfoilseacháin ar líne a úsáid. Ina theannta sin, ní mór do na foilsitheoirí sin a bheith in ann diúltú an t-údarú sin a thabhairt nó é a dheonú saor in aisce. Thairis sin, ní féidir aon íocaíocht a éileamh ó sholáthraithe nach n-úsáideann na foilseacháin sin.

Tá bunús leis na hoibleagáidí a fhorchuirtear ar na soláthraithe dul i mbun caibidlíochta leis na foilsitheoirí, gan infheictheacht an inneachair sin a shrianadh le linn na tréimhse sin, agus na sonraí is gá a sholáthar chun an luach saothair a ríomh, cé go gcuireann siad srian ar an tsaoirse chun gnó a sheoladh, ós rud é go rannchuidíonn siad le cuspóirí dhlí an Aontais chun margadh cóipchirt dea-fheidhmiúil agus cothrom a bhaint amach agus a chur ar chumas na bhfoilsitheoirí a n-infheistíochtaí a fhorchúiteamh.

Dar leis an gCúirt, le hoibleagáidí den sórt sin, lenar féidir cosaint na bhfoilsitheoirí a neartú, is féidir cothromaíocht chóir a bhaint amach idir an tsaoirse chun gnó a sheoladh, ar thaobh amháin, agus an ceart chun maoine intleachtúla agus an ceart chun saoirse agus iolrachas na meán, ar an taobh eile.

Leis an bhforbairt ar theicneolaíochtaí digiteacha, athraíodh earnáil na meán ó bhonn, agus go sonrach earnáil an phreasa scríofa, a bhfuil uirthi dul i ngleic le hathruithe ar nósanna úsáideoirí, teacht chun cinn seirbhísí irisí preasa ar líne agus iomaíocht ó chainéil dhigiteacha nua. De thoradh na n-athruithe sin, tá ioncam foilsitheoirí tar éis laghdú go mór, ag cur a samhail ghnó i mbaol, mar aon lena ról ríthábhachtach sna sochaithe daonlathacha. Chun é sin a leigheas, glacadh roinnt tionscnamh reachtacha, lena n-áirítear **an Treoir maidir le cóipcheart sa mhargadh aonair digiteach** [1]. Leis an Treoir sin, tugtar isteach ceart gaolmhar sonrach i bhfabhar foilsitheoirí preasa maidir le húsáid a bhfoilseacháin ar líne ag soláthraithe seirbhísí na sochaí faisnéise, lena gcuirtear ar a gcumas, *inter alia*, **úsáidí den sórt sin a údarú nó a chosc** [2].

Rinne reachtas na hIodáile an Treoir sin a thrasuí agus **foráil á déanamh do cheart chun luach saothair cothrom** i bhfabhar foilsitheoirí as úsáid a bhfoilseachán ar líne agus rialacha chun an méid sin a áirithiú. Dá réir sin, faoi reachtaíocht na hIodáile, ní mór do sholáthraithe seirbhísí dul i mbun caibidlíochta lena bhfoilsitheoirí maidir le luach saothair den sórt sin, gan infheictheacht an inneachair sna torthaí cuardaigh a laghdú le linn na caibidlíochta sin, agus na sonraí is gá chun é a ríomh a chur ar fáil. Cuirtear de chúram ar Údarás na Cumarsáide (AGCOM) na critéir sin a shocrú, an luach a shocrú i gcás easaontais agus comhlíonadh na hoibleagáide faisnéise atá ar sholáthraithe a áirithiú, lena n-áirítear trí smachtbhannaí.

In 2023, leag AGCOM síos, ar bhonn na reachtaíochta náisiúnta sin, na critéir lenar féidir luach saothair cothrom a

chinneadh chun foilseacháin phreasa a bheith á n-úsáid ag soláthraithe sheirbhísí na sochaí faisnéise.

Thug ceann de na soláthraithe sin, Meta Platforms Ireland [3], caingean os comhair Chúirt Riaracháin Réigiúnach Lazio (an Iodáil) chun an cinneadh sin a chur ar neamhní. Áitíonn Meta nach bhfuil an cinneadh sin agus reachtaíocht na hIodáile i gcomhréir le dlí an Aontais, go sonrach leis an Treoir agus leis an tsaoirse chun gnó a sheoladh arna ráthú leis an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

Dá bhrí sin, d'iarr an chúirt náisiúnta ar an gCúirt Bhreithiúnais a dheimhniú an bhfuil na rialacha náisiúnta i gcomhréir le dlí an Aontais.

Tugann an Chúirt dá haire go bhfuil **an Treoir sin beartaithe chun cearta eisiacha atáirgthe agus cearta chun a bhfoilseacháin phreasa a chur ar fáil don phobal**, ach fágtar corrlach breithmheasa faoi na Ballstáit chun iad a chur chun feidhme.

Sa chomhthéacs sin, **is ceadmhach go mbeidh ceart ag foilsitheoirí foilseachán preasa chun cúiteamh cothrom, ar choinníoll gurb ionann an cúiteamh sin agus comaoin eacnamaíoch as an údarú a thugtar do na soláthraithe** chun na foilseacháin sin a atáirgeadh nó a chur ar fáil don phobal **agus go bhféadfaidh na foilsitheoirí diúltú an t-údarú sin a thabhairt nó é a dheonú saor in aisce.** Thairis sin, **ní féidir aon íocaíocht a fhorchur ar na soláthraithe sin i gcás nach n-úsáideann siad foilseacháin den sórt sin**. Is faoin gcúirt náisiúnta atá sé a dheimhniú an bhfuil reachtaíocht na hIodáile i gcomhréir leis na coinníollacha sin.

**Is ceadmhach iad freisin na hoibleagáidí** a fhorchuirtear ar sholáthraithe dul i mbun **caibidlíochta** leis na foilsitheoirí, **gan infheictheacht na n-inneachar a shrianadh** le linn na tréimhse sin, agus **na sonraí is gá chun an luach saothair sin a ríomh a chur ar fáil**, ós rud é go rannchuidíonn siad le **cothroime** na caibidlíochta idir na páirtithe **a áirithiú** agus mar sin leis an gcuspóir chun foilsitheoirí a chosaint. Is amhlaidh nach bhfuil ach ag na soláthraithe an fhaisnéis lenar féidir luach eacnamaíoch úsáid ar líne foilseachán preasa a mheas, amhail an t-ioncam a ghintear nó a bhfuiltear ag súil leis ó úsáid den sórt sin. Dá réir sin, tá lagstaid mhargála ag foilsitheoirí i gcomparáid leis na soláthraithe sin a mhéid a bhaineann le luach saothair cothrom a chinneadh. Thairis sin, leis an oibleagáid staonadh ó infheictheacht na bhfoilseachán a shrianadh le linn na caibidlíochta, is féidir cosc a chur ar bhrú a chur ar fhoilsitheoirí nó fiú ar cheilt an luacha eacnamaíoch a bhaineann le húsáid a bhfoilseachán preasa.

Mar an gcéanna, is ceadmhach iad na **cumhachtaí a thugtar do AGCOM** le reachtaíocht na hIodáile, ó rud é go bhfuil siad beartaithe chun **na cur chun feidhme éifeachtach na gcearta a aithnítear a bheith ag foilsitheoirí a áirithiú**.

Ar deireadh, tugann an Chúirt faoi deara, gur fíor gur srianta **ar shaoirse na soláthraithe chun gnó a sheoladh** [4] **iad na hoibleagáidí sin, atá faoi réir smachtbhannaí ó AGCOM**.

Measann an Chúirt, áfach, faoi réir fíorú ag an gcúirt naisiúnta, **go ndealraíonn sé go bhfuil bunús leis an srian sin agus go bhfuil sé i gcomhréir le cuspóirí dhlí an Aontais** chun margadh dea-fheidhmiúil agus cothrom a áirithiú don chóipcheart, agus a chur ar chumas na bhfoilsitheoirí na hinfheistíochtaí is gá a chun a bhfoilseacháin a tháirgeadh a aisghabháil. Tugann an Chúirt faoi deara, go sonrach, go bhfágann forchur oibleagáidí den sórt sin ar sholáthraithe gur féidir **cothromaíocht chóir** a bhaint amach idir **an tsaoirse chun gnó a sheoladh**, ar thaobh amháin, agus **an ceart chun maoine intleachtúla**, ar an taobh eile, agus **an ceart chun saoirse agus iolrachas na meán**.

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léiriú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear téacs iomlán, agus, i gcás inarb ann, achoimre ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar Europe by Satellite ✆ (+32) 2 2964106.

Stay Connected!

[1] Treoir (AE) 2019/790 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le cóipcheart agus cearta gaolmhara sa Mhargadh Aonair Digiteach agus lena leasaítear Treoracha 96/9/CE agus 2001/29/CE.

[2] Airteagal 15 de Threoir 2019/790.

[3] Tá clú air as an líonra sóisialta ar líne Facebook a bhainistiú.

[4] Airteagal 16 den Chairt um Chearta Bunúsacha.